

© European Commission Audio Visual Service

## Cad iad na deiseanna fostaíochta atá ar fáil do Ghaeilgeoirí?

**Ón 1 Eanáir 2022 go leith, tá lán-stádas oifigiúil ag an Gaeilge mar theanga an Aontais Eorpaigh.** Mar gheall ar an athrú ar stádas na Gaeilge, tá mór-feachtas earcaíochta faoi lán seoil faoi láthair chun céimithe le hardchaighdeán Gaeilge a fhostú. Tháinig méadú faoi thrí ar líon na ndaoine le Gaeilge atá ag obair san Aontas Eorpach ó 2015 go leith agus tá ag méadú ar líon na nGaeilgeoirí go fóill. Tá deiseanna fostaíochta ar fáil d'aistritheoirí, d'ateangairí agus do chúntóirí teanga, i measc nithe eile. Tá clár intéirneachta AE atá dírithe go sonrach ar chainteoirí Gaeilge á reáchtáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán darb ainm ***scéim intéirneachta in institiúidí an Aontais Eorpaigh***.

## Cén sórt tacaíochta atá ar fáil d'iarratasóirí chun cabhair a thabhairt dóibh sa phróiseas earcaíochta?

Is é Gairm san AE straitéis an Rialtais chun ionadaíocht na hÉireann in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a mhéadú. Cuireann an straitéis tacaíochtaí ar fáil i gcomhair comórtais an AE, ina measc:

- Seisiúin eolas maidir le comórtais nua.
- Ábhar praiticiúil (atá ar fáil in 24 theanga) maidir le réamhbhabhtaí na gcomórtas.
- Seimineáir ghréasáin maidir le babhtaí deiridh na gcomórtas.
- Cóitseáil agallaimh, i ndara teanga an iarratasóra san áireamh (de réir mar is féidir)
- Acmhainní ullmhúcháin as Gaeilge
- Lán-scoláireachtaí le tabhairt faoi chláir Mháistreachta i gColáiste na hEorpa

**Féach ar www.dfa.ie/eujobs nó téigh i dteagmháil linn ag eujobs@dfa.ie le haghaidh tuilleadh eolais agus chun leas a bhaint as na tacaíochtaí thuasluaite.**

Twitter: @EUJobsIreland

LinkedIn: EU Jobs Ireland

ÉIRE AE50

Cover Image:
© European Commission Audio Visual Service

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# A Career for EU
# Gairm san AE

## Cén fáth ar cheart dom oibriú ar son an AE?

- Obair fhiúntach a chuireann le saol na 450 milliún saoránach AE.
- Ionad oibre idirnáisiúnta dinimiciúil ina ngluaiseann gach rud ar aghaidh go tapa.
- Níl aon deireadh leis na poist, dúshláin agus deiseanna éagsúla atá ar fáil.
- Forbairt leanúnach gairme ar feadh do shaoil ar fad, oiliúint teanga san áireamh.
- Pacáiste sochar agus tuarastal tarraingteach chomh maith le cothromaíocht oibre is saoil atá ceart agus sláintiúil.

## Cén cineál oibre a bhaineann leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil san AE?

Déanann oifigigh a oibríonn in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an AE iarracht beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu feabhas a chur ar shaol na 450 milliún saoránach AE. **Tá an-éagsúlacht ag baint le hobair an Aontais Eorpaigh agus, dá réir sin, teastaíonn baill foirne ó na hInstitiúidí a bhfuil éagsúlacht cúlraí agus tacair sainscileanna acu.** Ar ndóigh, bíonn éileamh i gcónaí ar theangeolaithe agus ar dhlíodóirí, mar aon le heacnamaithe, speisialtóirí TFC, eolaithe agus tréidlianna, chomh maith le baill foirne riaracháin agus tacaíochta a bhfuil gach cineál cúlra acu.


© Adobe Stock Images



© European Commission Audio Visual Service

## Conas is féidir liom cur isteach ar phost san AE?

Bíonn comórtais rialta earcaíochta (ar a dtugtar concours) á reáchtáil ag an AE chun painéil iarrthóirí cáilithe a shainaithint, agus ar féidir leis na hinstitiúidí iad a earcú ansin de réir mar is gá. Déanann an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), seirbhís earcaíochta institiúidí an Aontais Eorpaigh, bainistiú ar an bpróiseas sin. **Is áit mhaith é an suíomh gréasáin de chuid EPSO (epso.europa.eu/ga) chun tús a chur le cuardach a dhéanamh.**

## An bhfuil riachtanais cháilitheachta i gceist?

Le bheith incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost san AE ní mór duit:

- A bheith i do shaoránach de Bhallstát an Aontais.
- Riachtanais teanga an *concours* a bheith comhlíonta agat. I gcás fhormhór na bpost, ní mór máistreacht a bheith agat ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus sáreolas ar cheann eile de na teangacha sin. Is teangacha oifigiúla an AE iad an Béarla agus an Ghaeilge.
- Ceanglais oideachais an *concours* a bheith comhlíonta agat. Is ar an gcineál poist atá i gceist a bhraitheann na ceanglais oideachais a leagtar síos, ach is féidir le céimithe ar aon le daoine nach bhfuil céimeanna acu cur isteach ar fhormhór na bpost.



© European Commission Audio Visual Service

## An féidir dul i mbun tréimhse oiliúna?

**Is féidir. Is bealach iontach é tréimhse oiliúna (dá ngairtear *stage*) chun taithí a fháil ar an saol oibre sa Bhruiséil agus, i gcás cuid mhaith daoine, is iontach an tús é ar ghairmréim san Aontas Eorpach.** Cuireann nach mór gach aon institiúid AE tréimhsí oiliúna ar íocaíocht a mhaireann idir 3 agus 5 mhí ar fáil do chéimithe ollscoile, agus bíonn deiseanna ar fáil i gcúrsaí dlí, cúrsaí airgeadais, beartas comhshaoil agus mórán eile nach iad.

De ghnáth, bíonn obair an oiliúnaí thar a bheith ilchineálach agus fiúntach, lena n-áirítear gach rud ó cháipéisí beartais a ullmhú go dtí cuairteanna a chomhordú. Reáchtálann gach Institiúid a próiseas iarratais féin i gcomhair oiliúnaí, rud a chiallaíonn go n-athraíonn tréimhsí iarratais ó institiúid go hinstitiúid.

**Is féidir tuilleadh eolais maidir le tréimhsí oiliúna agus an próiseas iarratais a fháil ar ár suíomh gréasáin (dfa.ie/eujobs), sa *Green Book: An Irish Trainee's Guide to Living and Working in Brussels* ó *European Movement Ireland* agus ar epso.europa.eu/ga/job-opportunities/traineeships**